



FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Timpeallacht airgeadais an Aontais
Déanmhas mósáiceach a bhfuil tuilleadh simplithe agus
cuntasachta ag teastáil ina leith

Ábhar

| | |
|--|---|
| I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL..... | 2 |
| II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA..... | 3 |
| 1. Timpeallacht airgeadais an Aontais Eorpaigh agus an acmhainneacht atá ann maidir le simpliú..... | 3 |
| 2. Meastóireacht sula gcruthófar ionstraimí nua..... | 4 |
| 3. Cuntasacht phoiblí thimpeallacht airgeadais an Aontais..... | 5 |
| III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE..... | 6 |
| 1. Measúnú leordhóthanach roimh ré ar dhearadh agus ar roghanna na n-ionstraimí nua uile a áirithiú..... | 6 |
| 2. Faisnéis a thiomsú agus a fhoilsiú faoi thimpeallacht airgeadais foriomlán an Aontais..... | 7 |
| 3. Moladh go ndéanfaí an Ciste don Nuachóiriú a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais Eorpaigh..... | 7 |
| 4. Comhtháthú agus comhdhlúthú na n-ionstraimí cúnaimh airgeadais atá ann cheana a mholadh..... | 8 |

Cuirtear i láthair sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha maidir le Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#) atá le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

Tá forbairt tagtha ar thimpeallacht airgeadais reatha an Aontais le blianta fada anuas, agus buiséad an Aontais ag croílár na forbartha sin. Tá an fhorbairt sin tar éis a bheith fite fuaite i gcónaí i bpróiseas lánpháirtíochta na hEorpa. Rinneadh na buiséid ar leith a cruthaíodh leis na comhphobail Eorpacha sna 1950idí a chumasc i gcéimeanna éagsúla agus, ar deireadh, rinneadh buiséad aonair díobh sna 2000idí. Tá forbairt tagtha ar an timpeallacht freisin mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna éagsúla, go háirithe an ghéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch, anuas ar riachtanais shonracha beartais, amhail cúnamh airgeadais nó riachtanais a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach. Ní bhaineann forbairt den sórt sin go sonrach le timpeallacht airgeadais an Aontais, ach is féidir í a chur i gcomparáid le forbairt na mBallstát agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin.

San fhorbairt agus san fhorléargas atá ann faoi láthair ar thimpeallacht airgeadais an Aontais, léirítear agus urramaítear tacar soiléir rialacha, a leagtar síos i gConarthaí an Aontais Eorpaigh (nó i gconarthaí ar leithligh amhail don Sásra Cobhsaíochta Eorpach) agus i reachtaíocht thánaisteach, amhail an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, an Rialachán maidir le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus an Rialachán Airgeadais, i measc nithe eile. I ndáil leis an méid sin, tá sé rithábachtach go ndéanfaí na hionstraimí arna mbreithniú ag CIE sa tuarascáil seo a leagan amach go beacht chun torthaí CIE a thuiscint.

Aithníonn an Coimisiún éagsúlacht chomhpháirteanna thimpeallacht airgeadais an Aontais. Mar sin féin, ní thagann sé le cáiliú CIE go mbíonn déanamh mósáiceach ann de thoradh na timpeallachta sin, ós rud é gur glacadh na hionstraimí go léir ina n-iomláine i ndáil leis na bunúis dlí ábhartha, na cuspóirí sonracha beartais, chomh maith le nósanna imeachta idirinstiúideacha ábhartha agus cinnteoireacht pholaitiúil ábhartha. Ní hionann éagsúlacht chomhpháirteanna na timpeallachta airgeadais ann féin agus easpa éifeachtúlachtaí nó leordhóthanachta. Go deimhin, fágann an éagsúlacht sin gur féidir iliomad tosaíochtaí agus cuspóirí beartais de chuid an Aontais a bhíonn ag éirí níos casta i gcónaí a bhaint amach. Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar mhéid agus ar chastacht na ndúshlán eacnamaíoch, sochaíoch agus domhanda, is gá freagairtí comhchoiteanna a fhorbairt agus acmhainní suntasacha a shlógadh. Mar thoradh air sin, rinneadh idirghabhálacha agus ionstraimí airgeadais a éagsúlú, lena n-áirítear éagsúlú trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a ghíaráil, ar leibhéal an Aontais agus an limistéir euro, ach freisin trí chomhar sonrach leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí agus institiúidí idirnáisiúnta.

I gcás inar sainithníodh scóip shonrach le haghaidh simplithe san am a chuaigh thart, rinneadh iarracht cuíchóiriú den sórt sin a dhéanamh. Is amhlaidh a bhí go háirithe maidir le buiséadú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta laistigh de bhuiséad an Aontais. Aon uair is féidir, leanann ionstraimí nua arna dtabhairt isteach cur chuige cuíchóirithe den sórt sin freisin. Is amhlaidh atá i gcás roinnt ionstraimí cúnamh airgeadais, amhail comhardú na n-íocaíochtaí nó an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach, agus i gcás ráthaíochtaí buiséid agus ionstraimí airgeadais, i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha araon, a chumhdaítear le huasteorainn na n-acmhainní dílse. Tá feidhm ag an gcur chuige sin freisin maidir le hionstraimí sealadacha éigeandála le déanaí amhail *NextGenerationEU* agus *SURE*, a thagann faoi uasteorainneacha ábhartha na n-acmhainní dílse. Is forbairt dhearfach ar an timpeallacht airgeadais chuíchóirithe ann féin é go ndéanfaí dliteanais den sórt sin a chumhdach laistigh d'uasteorainneacha den sórt sin i gcás mhainneachtain na dtairbhíthe.

Glacann an Coimisiún le fo-mholadh amháin ó thuarascáil CIE, ní ghlacann sé le moladh amháin agus ghlacann sé go páirteach le gach ceann eile, leis na teorainneacha nach féidir leis réamhbhreith a thabhairt ar a cheart tionscnaimh reachtaigh agus ar an togra a bheidh ann amach anseo le haghaidh CAI iar-2027. Beidh aon tionscnamh a d'fhéadfadh a bheith ann faoi réir na nósanna imeachta reachtacha ábhartha faoi na Conarthaí agus faoin gcreat atá i bhfeidhm, gan réamhbhreith a thabhairt ar chinneadh na gcomhrechtóirí ná ar chinneadh institiúidí ábhartha eile. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar éabhlóid na timpeallachta airgeadais, i gcás na

gcomhpháirteanna atá faoina shainchúram agus féachfaidh sé le tuilleadh simplithe a dhéanamh, de réir mar is gá agus is iomchuí.

Ar deireadh, tagraíonn tuarascáil CIE d'eilimintí a bhfuil raon feidhme institiúideach níos leithne acu a eascraíonn as na Conarthaí, mar shampla maidir le cearta iniúchóireachta CIE nó ról Pharlaimint na hEorpa maidir leis an timpeallacht airgeadais, ar nithe iad atá lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

1. Timpeallacht airgeadais an Aontais Eorpaigh agus an acmhainneacht atá ann maidir le simpliú

Is díol sásaimh don Choimisiún gur aithin CIE go bhfuil cúiseanna agus forais éagsúla ann chun bonn cirt a thabhairt do thimpeallacht airgeadais reatha an Aontais¹.

Cruthaíodh timpeallacht airgeadais an Aontais le himeacht ama, bunaithe ar riachtanais dhlíthiúla atá ag teacht chun cinn agus tá sé ag dul i ngleic le roinnt géarchéimeanna agus éigeandálaí éagsúla. Tháinig athrú suntasach ar fhorálacha an Chonartha is infheidhme le himeacht ama, mar shampla le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin in 2009, agus leasáidh an Rialachán Airgeadais go mór in 2012 agus 2018. Ina theannta sin, tagann na hionstraimí éagsúla a ndéanann CIE iniúchadh orthu faoi bhunús dlí éagsúla, cuid acu, amhail Conradh SCE, nach dtagann faoi shainchúram an Choimisiúin.

Is léir ó bhuiséadú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta laistigh de CAI 2021-2027 iarracht an Choimisiúin timpeallacht airgeadais an Aontais a chuíchóiriú, i gcás inar féidir agus ina bhfuil bonn cirt cuí leis, rud a chuireann deireadh le díospóireacht pholaitiúil fhada maidir lena chomhtháthú laistigh de bhuiséad an Aontais. Baineann tábhacht leis an athrú sin go cainníochtúil (thart ar EUR 30 billiún thar 7 mbliana é meastar) agus go cáilíochtúil. Go deimhin, cuidíonn sé le timpeallacht airgeadais AE a shimpliú agus cinnteoireacht a ailíniú leis an bpróiseas comhchinnteoireachta leathnaithe agus le grinnscrúdú méadaithe gaolmhar Pharlaimint na hEorpa ar reachtaíocht AE agus ar ionstraimí caiteachais. Ina theannta sin, fágann sé go bhfuil sé níos éasca faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gealltanais an Aontais 0.7 % den ollioncam náisiúnta a chaitheamh ar chúnamh oifigiúil forbartha.

Tá iarrachtaí idirinstiúideacha den sórt sin maidir leis an timpeallacht airgeadais a chuíchóiriú le feiceáil freisin, i gcás inar féidir, i ndáil leis na hionstraimí atá lasmuigh de bhuiséad an Aontais de réir na gConarthaí, e.g. an tSaoráid Eorpach Síochána (SSE), atá oibríochtúil ó mhí Iúil 2021. Leis an ionstraim seo nach dtagann faoi bhuiséad an Aontais, maoinítear tacaíocht bonneagair, oiliúna agus trealaimh d'airm thíortha comhpháirtíochta an Aontais. Déantar na gníomhaíochtaí sin a chuíchóiriú faoi scáth aonair na Saoráide Eorpaí Síochána, fad is gur maoiníodh iad faoi dhá ionstraim éagsúla roimhe sin: sásra Athena agus an tSaoráid um Shíocháin san Afraic a fuair maoiniú ón gCiste Eorpach Forbraíochta.

¹ Tuarascáil CIE, Achoimre Feidhmiúcháin, mír IV.

Thairis sin, cuireann an Coimisiún i dtábhacht freisin gurb ionann ionstraimí éigeandála amhail *NextGenerationEU*, an cúnamh macra-airgeadais agus tacaíocht don Úcráin² agus (go páirteach) dliteanais SURE a chur faoi raon feidhme uasteorainneacha na n-acmhainní dílse agus iarracht bhreise ann féin cuíchóiriú a dhéanamh ar an timpeallacht airgeadais in ainneoin na héigeandála agus an chur ar bun phráinnigh a bhí mar shaintréith den dá ionstraim sin. Comhlíontar leis sin an cur chuige comhdhlúite maidir le cumhdach a áirithiú faoi uasteorainneacha acmhainní dílse ar dhliteanais theagmhasacha a eascraíonn as cúnamh airgeadais do na Ballstáit (e.g. comhardú na n-íocaíochtaí, an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach) chomh maith le ráthaíochtaí buiséid agus ionstraimí airgeadais (le haghaidh ionstraimí beartas inmheánach agus seachtrach araon, e.g. *InvestEU*, Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, etc.).

Ar deireadh, tugann saintréithe an Chiste don Nuachóiriú bonn cirt don chinneadh maidir lena chruthú leis na socrúithe rialachais atá i bhfeidhm. Cé nach dtugann an Coimisiún réamhbhreith ar aon gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo, ba cheart í a bheith bunaithe ar mheasúnú cúramach ar na tairbhí a d'fhéadfadh teacht le buiséadú an Chiste don Nuachóiriú ó thaobh rialachais de. I gcás an Chiste don Nuálaíocht agus an Chiste don Nuachóiriú, cé go bhfuil an dá scéim tacaíochta dírithe ar an Eoraip a dhícharbónú, tá difríochtaí eatarthu a thugann bonn cirt lena gcruthú le socrúithe rialachais éagsúla. Ar thaobh amháin, tacaíonn an Ciste Nuálaíochta le tionscadail trí ghlaonna ar thograí ar leibhéal an Aontais arb é is cuspóir dóibh na tionscadail is fearr laistigh den Aontas a mhaoiniú ó thaobh nuálaíochta, seachaint astaíochtaí gás ceaptha teasa, aibíochta, inscálaitheachta agus éifeachtúlachta costais de, agus dá bhrí sin is é an Coimisiún a dhéanann na príomhchinntí. Ar an taobh eile, i gcás an Chiste don Nuachóiriú, a thacaíonn le nuachóiriú na gcóras fuinnimh sna 10 mBallstát is tairbhíthe de chuid an Aontais, déantar maoiniú ar bhonn a gclúdaigh náisiúnta réamhchinnitithe, Coiste Infheistíochta arna riar ag BEI a dhéanann na cinntí agus ionadaithe ó na Ballstáit is mó atá ar an gCoiste sin, agus is iad na Ballstáit is tairbhíthe atá freagrach as oibriú an Chiste.

2. Meastóireacht sula gcruthófar ionstraimí nua

Bíonn cruthú ionstraimí nua faoi threoir ag creat cuimsitheach, lena n-áirítear treoirphrionsabail agus próisis chaighdeánacha. Áirítear leis sin:

- **comhaontú idirinstiúideach 2016 maidir le reachtóireacht níos fearr**³;
- an **Rialachán Airgeadais**;
- a mhéid a bhaineann le bunghníomhartha le haghaidh cláir ilbhliantúla, an **comhaontú idirinstiúideach** an 16 Nollaig 2020⁴ maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach;

² Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +), IO L 322, 16.12.2022, lch. 1–14.

³ Comhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016.

⁴ Comhaontú Idirinstiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach; IO L 433, 22.12.2016, cf. míreanna 18, 19, 26. Cf. Iarscríbhinn I fonóta 4 freisin.

- an **dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 maidir le grinnscrúdú buiséadach ar thograí nua** bunaithe ar Airteagal 122 CFAE a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu ar bhuiséad an Aontais⁵
- **na Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr agus an bosca uirlisí**, faoina ndéantar measúnuithe tionchair nó meastóireachtaí *ex-ante*, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le rialáil níos fearr, lena n-áirítear measúnuithe tionchair nó meastóireachtaí *ex-ante* i gcás clár agus ionstraimí cistiúcháin.

Ba cheart meastóireacht *ex-ante* a ullmhú, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, le haghaidh mhórchláir an chreata airgeadais ilbhliantúil⁶. Bíonn meastóireachtaí *ex-ante* (agus measúnuithe tionchair) mar bhonn don chinnteoireacht maidir le dearadh ionstraimí agus anailís á déanamh ar roghanna beartais, go háirithe trí straitéisí idirghabhála, ionstraimí, bealaí nó leibhéil idirghabhála a sheiceáil. Nuair is ceart measúnú tionchair a dhéanamh, ach nach féidir, mar shampla ar chúiseanna práinne, ó mhí na Samhna 2021 i leith, tá foráil sna Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr agus sa bhosca uirlisí maidir le Doiciméad Inmheánach Oibre (SWD) a fhoilsiú laistigh de 3 mhí tar éis fhoilsiú an togra. D'áireofaí leis sin bonn cirt leis an dearadh, measúnú an chomhleanúnachais le hionstraimí eile mar aon le hanailís costais is tairbhe. I gcás práinne, féadfaidh an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadhbheathnaitheacht cinneadh a dhéanamh ar cheart maolú a dheonú ar an gceanglas maidir le measúnú tionchair a dhéanamh. Ina theannta sin, is próiseas uathúil é ullmhú an chreata airgeadais ilbhliantúil nua a éilíonn cur chuige sonracha a mhéid a bhaineann le raon feidhme agus doimhneacht na hanailíse. Maidir leis an bpróiseas sin, eisítear treoir phraiticiúil don obair ullmhúcháin go himmheánach laistigh den Choimisiún.

3. Cuntasacht phoiblí thimpeallacht airgeadais an Aontais

Tá socrúithe grinnscrúdaithe poiblí agus raon feidhme chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa i gcomhthéacs ionstraimí éagsúla⁷ bunaithe go hiomlán ar fhorálacha na gConarthaí ábhartha agus is toradh iad ar an bpróiseas reachtach idirinstitiúideach is infheidhme. I ndáil leis sin, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil freagrachtaí teoranta aige maidir le bunú agus/nó cur chun feidhme ionstraimí áirithe, go háirithe ós rud é go bhfuil cuid acu lasmuigh de raon feidhme Chonarthaí AE (e.g. SCE).

Tacaíonn an Coimisiún go ginearálta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, le bainisteoirí cistí poiblí a thabhairt chun cuntais ar bhonn tuairisciú trédhearcach agus iniúchtaí trédhearcacha arna ndéanamh ag iniúcháirí neamhspleácha. I gcás na n-ionstraimí nach gcumhdaítear le cearta iniúcháireachta CIE, tá socrúithe iniúcháireachta seachtracha neamhspleácha i bhfeidhm. Measann an Coimisiún gur faoi na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann agus faoi CIE atá sé na hábhair sin a phlé⁸.

A mhéid a bhaineann le cearta maoirseachta Pharlaimint na hEorpa i ndáil leis an gCiste don Nuachóiriú, measann an Coimisiún go bhfuil leibhéal grinnscrúdú poiblí leordhóthanach ann⁹. Leagtar amach go mion i Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/1001¹⁰ na rialacha faireacháin, tuairiscithe agus

⁵ IO C 444I, 22.12.2020;

⁶ (An Rialachán Airgeadais, Airteagal 34)

⁷ Féach barúlacha 62 go 66 ó CIE.

⁸ Féach barúil 96 ó CIE

⁹ Féach barúil 63 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE).

¹⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 ón gCoimisiún an Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuachóiriú lena dtacaítear le hinfheistíochtaí chun na córais

meastóireachta agus na rialacha iniúchóireachta atá i bhfeidhm, chomh maith le freagrachtaí BEI agus an Choimisiún maidir le foilsiú na dtuarascálacha faoi seach ar shuíomh gréasáin an Chiste don Nuachóiriú agus ‘europa’¹¹. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go dtugann siad sin trédhearcacht iomlán agus ráthaíocht leordhóthanach maidir le maoirseacht bhuiséadach.

Tuairiscíonn an Coimisiún, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais i roinnt tuarascálacha airgeadais, amhail Cuntais Bhliantúla chomhdhlúite an Aontais, an Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht (AMPR), doiciméid oibre a ghabhann leis an dréachtbhuiséad i gcomhréir le hAirteagal 41 den Rialachán Airgeadais agus an tuarascáil arna hullmhú bunaithe ar Airteagal 250 den Rialachán Airgeadais maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus dliteanais theagmhasacha.

Ina theannta sin, táirgeann an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 agus bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, an Tuarascáil maidir le Trédhearcacht Bhuiséadach, ina gcumhdaítear roinnt ionstraimí atá lasmuigh de shainchúram tuairiscithe an Choimisiúin.

Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún na tuarascálacha agus an fhaisnéis is gá ar fáil chun cur ar chumas Pharlaimint na hEorpa a grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú i gcás na n-ionstraimí agus na gcistí uile atá faoina shainchúram, i gcomhréir le ceanglais na gConarthaí agus na rialachán ábhartha. Ní féidir an Coimisiún a thabhairt chun cuntais as cistí a cuireadh lasmuigh dá shainchumais.

III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

1. Measúnú leordhóthanach roimh ré ar dhearadh agus ar roghanna na n-ionstraimí nua uile a áirithiú

Ba cheart don Choimisiún:

- (a) laistigh den chreat atá ann cheana, a áirithiú go mbeidh in aon ionstraim nua a mholann sé measúnú ar an dearadh a roghnaíodh agus ar an ngá atá leis an ionstraim sin a chruthú laistigh nó lasmuigh de bhuiséad an Aontais, agus
- (b) an dea-chleachtas sin a roinnt leis an gComhairle d’fhonn é a chur i bhfeidhm ar ionstraimí nua nach bhfuil molta ag an gCoimisiún.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2024

Glacann an Coimisiún **go páirteach** le pointe a) den mholadh seo ós rud é nach féidir measúnú roimh ré a áirithiú i gcás gach togra, amhail i gcás práinne, ná i gcás gníomhaíochtaí a bheadh lasmuigh dá fhreagrachtaí faoi na Conarthaí.

Glacann an Coimisiún **go páirteach** le pointe b).

Thairis sin, maidir le pointe b), ní féidir leis an gCoimisiún glacadh le dul thar an gcreat atá ann cheana. Thairis sin, áitíonn an Coimisiún gur cheart go gcloífeadh an measúnú ar na roghanna don dearadh le ceanglais Conarthaí, agus/nó creataí beartais faoi nósanna imeachta reachtacha agus

fuinnimh a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh Ballstát áirithe a fheabhsú; IO L 221/107, 10.7.2020.

¹¹ Suíomh gréasáin an Chiste don Nuachóiriú (i) <https://modernisationfund.eu/investments/>, agus an Ciste don Nuachóiriú ar europa (ii) https://climate.ec.europa.eu/eu-action/funding-climate-action/modernisation-fund_en

nach féidir iad a ráthú i gcás gach togra go háirithe iad siúd lasmuigh den chreat sin (cineál SCE nó nósanna imeachta práinneacha).

I ndáil leis sin, bíonn cruthú ionstraimí nua bunaithe ar chreat cuimsitheach, lena n-áirítear treoirphrionsabail agus próisis chaighdeánacha, mar a chuirtear i láthair i roinn II.2.

2. Faisnéis a thiomsú agus a fhoilsiú faoi thimpeallacht airgeadais foriomlán an Aontais

Ba cheart don Choimisiún faisnéis a thiomsú agus a fhoilsiú maidir le hionstraimí uile thimpeallacht airgeadais fhoriomlán an Aontais.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2024

Glacann an Coimisiún **go páirteach** leis an moladh sin.

Mar a chuirtear i láthair i Roinn II.3, tuairiscíonn an Coimisiún cheana féin, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus ionstraimí a bhfuil an Coimisiún cuntasach iontu i roinnt tuarascálacha. Thairis sin, cuireann an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir le hionstraimí eile mar a leagtar síos i bpointe 16 den Chomhaontú Idirinstitiúideach¹². Níl an chumhacht dhlíthiúil ag an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar ionstraimí atá lasmuigh de raon feidhme bhuiséad an Aontais nó fiú lasmuigh de na Conarthaí nó nach dtaifeadtar i gcuntais an Aontais Eorpaigh (oibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta féin, Saoráid Iasachta na Gréige, an Ciste don Nuachóiriú etc.) nó nach bhfuil aon doiciméid ar fáil go poiblí ina leith. Ní féidir ‘tuairisciú ar thimpeallacht airgeadais fhoriomlán an Aontais’ a chur ar fáil faoin Rialachán Airgeadais toisc go rachadh sé níos faide ná a raon feidhme agus go mbeadh sé bunaithe go páirteach ar fhaisnéis a bheadh le cur ar fáil ó chomhlachtaí eile (e.g. BEI ar a n-oibríochtaí féin).

3. Moladh go ndéanfaí an Ciste don Nuachóiriú a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart don Choimisiún a mholadh go ndéanfaí an Ciste don Nuachóiriú a chomhtháthú i mBuiséad an Aontais Eorpaigh sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, agus sainiúlachtaí an Chiste á gcur san áireamh.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2025

Ní ghlacann an Coimisiún leis an moladh seo.

Agus sainiúlachtaí an Chiste á gcur san áireamh agus a cheart maidir le tionscnamh reachtach á fhorchoimeád aige mar a bhunaítear sna Conarthaí, ní féidir leis an gCoimisiún réamhbhreith a thabhairt ar ábhar agus raon feidhme a thogra le haghaidh CAI iar-2027.

¹² An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le Comhaontú Idirinstitiúideach um acmhainní dílse nua a thabhairt isteach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28–46).

4. Comhtháthú agus comhdhlúthú na n-ionstraimí cúnamh airgeadais atá ann cheana a mholadh

Spriocdháta cur chun feidhme: 2025

- (a) **teagmháil a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach d'fhonn teacht ar chomhsheasamh maidir leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach a chomhtháthú i 'gcreat dlíthiúil an Aontais';**

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

- (b) **tograí reachtacha nua a thíolacadh d'fhonn ionstraimí cúnamh airgeadais atá ann cheana a chomhdhlúthú.**

Glacann an Coimisiún **go páirteach** leis an moladh sin.

Forchoimeádann an Coimisiún a cheart tionscnaimh reachtaigh mar a bhunaítear sna Conarthaí. Má dhéantar an Sásra Cobhsaíochta Eorpach a chomhtháthú i 'gcreat dlíthiúil an Aontais', scrúdóidh an Coimisiún an scóp atá ann chun ionstraimí cúnamh airgeadais atá ann cheana a chomhdhlúthú, ag cur san áireamh na hionstraimí cúnamh airgeadais atá oibríochtúil ag an am sin agus cé acu atá nó nach bhfuil tairbhí le baint as ionstraimí nach bhfuil oibríochtúil a thuilleadh a chomhtháthú.